C/2024/5672

19.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11279 – CTS EVENTIM / FNAC DARTY / FRANCE BILLET)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5672)

1. An 10 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CTS Eventim AG & Co. KGaA ('CTS Eventim', an Ghearmáin),

— Fnac Darty Participations et Services SA ('Fnac Darty Participations et Services', an Fhrainc), faoi úinéireacht Fnac Darty SA ('Fnac Darty', an Fhrainc), máthairchuideachta deiridh an ghrúpa Fnac Darty,

— France Billet SAS ('France Billet', an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Fnac Darty amháin faoi láthair.

Gheobhaidh CTS Eventim agus Fnac Darty rialú comhpháirteach ar France Billet de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CTS Eventim gníomhach sa ticéadú le haghaidh imeachtaí agus sa siamsaíocht bheo san Eoraip,

— Is miondíoltóir Eorpach é Fnac Darty, agus díolann sé earraí cultúrtha agus fóillíochta, táirgí leictreonacha do thomhaltóirí agus fearais leictreacha teaghlaigh.

— Tá France Billet gníomhach sa mhargadh ticéadaithe, sa Fhrainc den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11279 – CTS EVENTIM / FNAC DARTY / FRANCE BILLET

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').